# Fógraí

**Bailiúcháin an tSéipéil** 27/04/24 - €550

**Bingo Leitir Móir**
Beidh Bingo ar siúl san Ionad i Leitir Móir Dé Máirt seo chugainn ag 8.00i.n. Tá fáilte roimh chách.

**Fógra ó Scoil Náisiúnta Colmcille, Leitir Móir**
Beidh tráthnóna oscailte ag Scoil Náisiúnta Colmcille, Leitir Móir, Dé Máirt, an 28ú Bealtaine, do ghasúir agus a gcuid tuismitheoirí, a bheidh ag tosnú, nó ag smaoiniú tosnú, sna Naíonáin, i mí an Mheán Fhómhair 2024. Tá foirmeacha iontrála, ar fáil, ach glaoch ar an scoil ag 551241, nó buail isteach chugainn.

**An Chéad Chomaoineach,**
**S.N. Colmcille, Leitir Móir & Scoil Mhuire, An Tuairín**
Tá an tAthair Gearóid ag tabhairt cuireadh do na gasúir atá ag déanamh a gCéad Chomaoineach agus a dtuismitheoirí chuig an aifreann ar na Sathairn seo a leanas ag a 7 i.n, 27ú Aibrean, 4ú Bealtaine agus 11ú Bealtaine.

**Siúloid "Darkness into Light"**
Beidh an tsiúlóid "Darkness into Light" a eagraíonn Pieta House ar siúl ar an gCeathrú Rua i mbliana. Tosóidh an tsiúlóid ag Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar an gCeathrú Rua ag 4:15r.n. ar an 11ú Bealtaine 2024 (maidin Dé Sathairn). Tá clárú, t-léinte agus tuilleadh eolais ar fáil ar www.darknessinlight.ie nó ar Instagram/Facebook @darknessintolightancheathrurua.
Clárú ar phraghas laghdaithe go dtí 2ú Aibreán.

## Urnaí

A Dhia uilechumhachtaigh shíoraí,
tá áthas orainn as ucht aiséirí ár dTiarna.
Cuidigh linn an t-áthas sin a cheiliúradh,
agus an charthanacht a chleachtadh inár saol.
Sin é ár nguive chugat trínár dTiarna
**Aiméan**



# *Teach Pobail Ban Tiarna Lourdes & Naomh Colmcille, Leitir Móir*



***Dé Sathairn, 04ú Bealtaine 2024***

## Aifrinn na Seachtaine

**Dé Sathairn 04/05/24**
**7.00 sa tráthnóna**

**Cuimhneacháin Bliana**
Cóilín Coyne, Doirín Glas.
Sonny Ó Mocháin, Tír an Fhia.
**Le hAnamnacha**
Sarah & Máirtín Joseph Ó Loingsigh
Colman Ó Dubháin, Eanach Mheáin.
Micil & Nora Sullivan, Cuan na Loinge.
Sarah, Patrick & Padraig Lynch & Michael Ó Neachtain, Aibhnín.
Kate & Michael Gannon, Aibhnín.
Máirtín Folan, Leitir Mealláin & Béal an Daingin.
Bartley Conneely & a bhean Maggie, Béal an Daingin.

**Dé Sathairn 11/05/24**
**7.00 sa tráthnóna**

**Cuimhneacháin Míosúil**
Bídín Whelan, Eanach Mhéain
**Le hAnamnacha**
Darby Mac an Adhastair, Béal an Daingin.
Johnny Coyne, Leitir Caladh.
Dudley Dharach Ó Flátharta & an clann ar fad, Béal an Daingin.
Micil Ó Lupáin, Eanach Mheáin.

***Solas na bhFlaitheas d'anamacha na marbh uilig***

**An tAthair Gearóid Ó Gríofa** Oifig an Pharóiste ☎ 091 551169 Ríomhphost: paroisteleitirmoir@gmail.com